




An  
Bord  
Pleanála

# Beartas agus Nósanna Imeachta maidir le Nochtadh

Arna athbhreithniú agus arna ghlacadh ag an mBord ar 27  
Iúil 2023

Dáta Tús Feidhme 1<sup>ú</sup> Nollaig 2023



## Clár

1. Réamhrá .....	3
2. Sainmhíneithe .....	5
3. Coimircí .....	7
4. Conas Údar Imní a Tharraingt.....	10
5. Conas a Fhreagróidh an Bord Pleanála .....	12
6. Cainéil Sheachtracha chun Nochtadh Cosanta a Dhéanamh .....	15
7. Athbhreithniú ar Chinntí.....	19
8. Nithe Ginearálta Eile .....	20
9. Na hOifigigh Fhreagracha .....	20
Aguisín 1: Imlíne ar an bPróiseas um Nochtadh Cosanta sa Bhord Pleanála. .....	21

## 1. Réamhrá

- 1.1 Éilíonn an tAcht um Nochtadh Cosanta, arna leasú ag an Acht um Nochtadh Cosanta (Leasú) 2022 (Acht 2022), go mbunóidh agus go gcoimeádfaidh gach comhlacht poiblí nósanna imeachta chun nochtadh cosanta a dhéanamh ag oibríthe atá nó a bhí fostaithe ag an gcomhlacht poiblí. Glacadh leis an mbeartas agus leis na nósanna imeachta seo maidir le Nochtadh Cosanta ag féachaint, inter alia, d'fhorálacha Acht 2014 arna leasú le hAcht 2022 agus treoir ghaolmhar arna foilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.
- 1.2 Tá Beartas agus Nósanna Imeachta an Bhoird Phleanála maidir le Nochtadh Cosanta deartha chun ligean do phearsanra faisnéis ábhartha a nochtadh a bhfuil claonadh ann, i dtuairim réasúnta an té atá ag déanamh an nochtadh, éagóir ábhartha amháin nó níos mó a thaispeáint, a tháinig ar aird an duine i gcomhthéacs oibre.
- 1.3 Gné lárnach den Bheartas agus de na Nósanna Imeachta seo is ea go gcuirtear san áireamh iontu go bhféadfadh, i gcúinsí áirithe agus ar chúiseanna éagsúla, nach mothódh baill den fhoireann/Bhord ar a gcompord ag tuairisciú nithe áirithe trí na gnáthchainéil tuairiscithe nó go mb'fhéidir nach mbeadh muintín acu go ndíreofaí go cuí ar nithe den sórt sin trí na cainéil sin. D'fhéadfadh sé seo a bheith mar gheall ar imní a bhaineann le tromchúis an ábhair i dtrácht nó go mb'fhéidir go mbreathnófaí ar cheisteanna den sórt sin a tharraingt mar mhídhílseacht do chomhghleacaithe nó don eagraíocht. I gcúinsí áirithe d'fhéadfadh eagla a bheith ar an té a nochtann an t-ábhar go leanfadh ciapadh, íospairt nó deacrachtaí sa chaidreamh idir ball agus baill foirne an t-ábhar a tharraingt.
- 1.4 Geallann an Bord Pleanála na caighdeáin is airde oscailteachta, ionracais agus cuntasachta a chur i bhfeidhm agus ag teacht leis an ngealltanas seo spreagtar gach ball den Bhord/foireann agus daoine eile a bhfuil fíor-imní orthu faoi aon ghné d'obair nó d'oibríochtaí an Bhoird aon údar imní dá leithéid a chur in iúl. Léiríonn an Beartas agus Nósanna Imeachta seo gur féidir le baill den Bhord/foireann agus daoine eile é sin a dhéanamh gan eagla roimh íospairt nó ciapadh agus go ndéanfar imscrúdú ar an údar imní agus go ndéanfar beart cuí nuair is gá. Ba chóir a thabhairt faoi deara freisin, áfach, gur cion é do dhuine faisnéis bhréagach a chur in iúl nó a scaipeadh go feasach. Breathnófar air seo mar ábhar an-tromchúiseach a bhféadfadh gníomhachtú an chóid araíonachta a bheith mar thoradh air.

1.5 Tá sé mar aidhm ag an bPolasaí agus na Nósanna Imeachta seo:

- Baill an Bhoird/na Foirne agus daoine eile a spreagadh le bheith muiníneach as údar inní a chur in iúl faoi éagóir fhéideartha.
- Bealach soiléir a sholáthar do bhaill an Bhoird/na Foirne agus do dhaoine eile chun na húdair inní sin a tharraingt go himmheánach agus aiseolas a fháil ar aon ghníomh leantach a rinneadh.
- Na bealaí agus na nósanna imeachta a bhaineann le nochtadh a dhéanamh lasmuigh den eagraíocht a mhíniú.
- A chinntiú go bhfaigheann baill an Bhoird/na Foirne agus daoine eile freagra ar a n-údar inní agus go bhfuil siad ar an eolas faoi conas a n-údar inní a thabhairt níos faide mura bhfuil siad sásta.
- A athdhearbhú do bhaill an Bhoird/na Foirne agus do dhaoine eile go dtabharfar cosaint dóibh ó chiapadh nó ó íospairt a d'fhéadfadh a bheith ann má tá tuairim réasúnach acu gur de mheon macánta a rinneadh aon tuairisc ar nochtadh cosanta.

## 2. Sainmhínithe

### 2.1 Daoine atá clúdaithe ag an mBeartas agus na Nósanna Imeachta seo

Baineann an Beartas agus na Nósanna Imeachta seo le gach ball den Bhord/den Fhoireann (lena n-áirítear oiliúnaithe, oibrithe sealadacha, intéirnich agus iad siúd atá ar thaithí oibre), conraitheoirí agus comhairleoirí agus aon oibrithe gníomhaireachta.

Baineann sé freisin le **hiarbhaill** na foirne agus an Bhoird agus freisin le haon duine aonair atá nó a bhí páirteach i bpróiseas earcaíochta a bhaineann leis an eagraíocht.

### 2.2 Eisiaimh

Tá sé i gceist go gclúdóidh an Beartas agus na Nósanna Imeachta seo go ginearálta mór-údair imní atá lasmuigh de raon nósanna imeachta inmheánacha eile mar an cód Gearáin agus Araíonachta reatha nó na cóid a chlúdaíonn Frithbhulaíocht agus Frith-Chiapadh Gnéasach agus Frith-Chiapadh san Ionad Oibre. Sa chomhthéacs seo níl sé oiriúnach an Beartas agus na Nósanna Imeachta seo a úsáid chun gearán a thaisceadh a bhaineann go heisiach le fostaíocht bhall den Bhord/den fhoireann féin. D'fhéadfadh sé, áfach, i gcúinsí áirithe, go spreagfadh nochtadh cosanta gníomhachtú na gcód eile.

### 2.3 Nithe is féidir a bheith clúdaithe ag Nochtadh Cosanta

D'fhéadfadh baint a bheith ag nochtadh cosanta le húdair imní ar nós na nithe seo a leanas, ach níl siad teoranta dóibh sin amháin:

- (a) go bhfuil cion déanta, á dhéanamh nó gur dócha go ndéanfar,
- (b) gur mhainnigh duine, go bhfuil sé ag mainneachtain nó gur dóigh go mainneoidh sé aon oibleagáid dhlíthiúil a chomhlíonadh, seachas ceann a eascraíonn faoi chonradh fostaíochta an oibrí nó faoi chonradh eile trína ngeallann an t-oibrí aon obair nó seirbhísí a dhéanamh nó a chomhlíonadh go pearsanta,
- (c) gur tharla iomrall ceartais, go bhfuil sé ag tarlú nó gur dócha go dtarlóidh sé,
- (d) gur cuireadh, go bhfuiltear ag cur nó gur dóigh go gcuirfeadh sláinte nó sábháilteacht aon duine i mbaol,

- (e) go ndearnadh dochar don chomhshaol, go bhfuil sé á dhéanamh nó gur dócha go ndéanfar é,
- (f) gur baineadh úsáid neamhdhleathach nó mhíchuí ar shlí eile as cistí nó acmhainní comhlachta poiblí, nó as airgead poiblí eile, go bhfuil sé á baint nó gur dócha go mbainfear é,
- (g) go bhfuil gníomh nó neamhghníomh a rinne comhlacht poiblí nó a rinneadh thar ceann comhlachta poiblí leatromach, idirdhealaitheach nó mórfhaillíoch nó gurb ionann agus míbhainistíocht shuntasach é,
- (h) iompar a sháraíonn Cód Iompair an Bhoird Phleanála,
- (i) go raibh faisnéis a thaispeánann go bhfuil ábhar ar bith a thagann faoi réim aon cheann de na míreanna roimhe seo á cheilt nó á scríosadh, go bhfuil sé á cheilt nó á scríosadh nó gur dócha go ndéanfar iarracht faisnéis mar sin a cheilt nó a scríosadh.

## **2.4 Cad is Nochtadh Cosanta ann?**

Ciallaíonn “nochtadh cosanta” “faisnéis ábhartha” a nochtadh arna déanamh ag duine/oibrí atá clúdaithe ag an reachtaíocht agus ag an mbeartas seo a dhéantar ar an modh a shonraítear sa reachtaíocht agus sa bheartas seo.

## **2.5 A mBíonn i Nochtadh Cosanta**

Laistigh den chomhthéacs thuas, is faisnéis ábhartha í an fhaisnéis más rud é -

- (a) gur gnách leis éagóir ábhartha amháin nó níos mó a nochtadh, i dtuairim réasúnta an duine/oibrí, agus
- (b) gur tharraing sé aird an duine/oibrí i gcomhthéacs oibre.

## **2.6 Inspreagadh**

Níl an t-inspreagadh chun nochtadh a dhéanamh ábhartha maidir le cibé acu an nochtadh cosanta é nó nach ea.

### 3. Coimircí

#### 3.1 Pionós a Chosc maidir le Nochtadh Cosanta a Dhéanamh

**3.2** Geallann an Bord Pleanála dea-chleachtas agus ardchaighdeáin i rialachas corparáideach a chur i bhfeidhm agus é i mbun a fheidhmeanna. Áirítear leis seo a bheith tacúil don fhoireann agus do na baill, agus do dhaoine eile san ionad oibre.

**3.3** Aithníonn an Bord Pleanála gur féidir leis an gcinneadh údar imní a thuairisciú a bheith deacair a dhéanamh, go háirithe mar gheall ar eagla roimh fhrithghníomhartha féideartha diúltacha uathu siúd a líomhnaítear go raibh baint acu le míchleachtas nó ó chomhghleacaithe oibre eile. Más fíor na líomhaintí, (nó má tá cúiseanna maithe agus fíorchúiseanna ag an té a tharraingíonn an t-údar imní chun a mheas go bhféadfadh siad a bheith fíor), níl aon údar imní ag daoine a thuairiscíonn iad mar go mbeidh siad ag déanamh a ndualgas don eagraíocht, don Stát agus don phobal.

Ní ghearrfaidh an Bord Pleanála pionós ná ní bhagrófar pionós a ghearradh ar dhuine as nochtadh cosanta a bheith déanta de mheon macánta.

I dtaca leis seo ciallaíonn ‘pionós’ aon ghníomh nó neamhghníomh de chuid an Bhoird Pleanála, a dhéanann difear do bhall den Bhord/foireann nó do dhaoine eile chun a n-aimhleasa maidir le haon téarma nó coinníoll den fhostaíocht, agus folaíonn sé:

- (a) fionraí, scor sealadach nó dífhostú,
- (b) fionraí, scor sealadach nó dífhostú a bhagairt,
- (c) ísliú céime nó deiseanna ar ardú céime a chailleadh,
- (d) aistriú dualgas, athrú ar shuíomh na háite oibre, laghdú ar phá nó athrú ar uaireanta oibre,
- (e) aon smacht, iomardú nó pionós eile (lena n-áirítear pionós airgeadais) a fhorchur nó a ghearradh;
- (f) caitheamh éagórach, lena n-áirítear roghnú le haghaidh iomarcaíochta,

- (g) comhéigean, imeaglú nó ciapadh,
- (h) leithcheal, míbhuntáiste nó caitheamh díobhálach,
- (i) gortú, damáiste nó caillteanas, agus
- (j) bagairtí díoltais.

**Is cion é** do dhuine bac a chur nó iarracht a dhéanann bac a chur ar oibrí tuairisc a dhéanamh agus/nó a phionósaíonn nó a bhagraíonn pionós nó a chuireann faoi deara nó a cheadaíonn d'aon duine eile pionós a ghearradh nó pionós a bhagairt ar an té a thuairiscíonn nochtadh cosanta, nó a thionscnaíonn imeachtaí cráiteacha i gcoinne duine atá ag tuairisciú, nó a sháraíonn aon dualgas rúndachta maidir le haitheantas an té atá ag tuairisciú.

Is féidir le haon bhall den Bhord/fhoireann a bhraitheann, in ainneoin tiomantas an Bhoird do phionós a chosc mar thoradh ar nochtadh cosanta a dhéanamh de mheon macánta, go bhfuil nó gur gearradh pionós amhlaidh air, an t-ábhar seo a tharraingt faoi na Nósanna Imeachta um Ghearáin agus Araíonachta atá i bhfeidhm sa Bhord Pleanála.

### **3.4 Rúndacht**

Déanfaidh an Bord Pleanála a dhícheall aitheantas a chosaint i gcás aon bhall den Bhord/fhoireann nó aon duine eile a tharraingíonn údar imní agus nach mian leo go nochtfaí a n-ainm. Ní mór a thuiscint, áfach, go bhféadfadh an próiseas imscrúdaithe foinse na faisnéise a nochtadh agus d'fhéadfadh go mbeadh gá le ráiteas ón té a tharraing an t-ábhar mar chuid d'imscrúdú ar bith. Mar sin féin, más dealraitheach gur gá aitheantas an té a dhéanann an nochtadh a chur in iúl do thríú páirtí, pléifidh an Bord an t-ábhar seo roimh ré leis an té atá ag déanamh an nochtadh agus cuirfear san áireamh aon tuairimí/imní a d'fhéadfadh a bheith ag an duine roimh leanúint ar aghaidh.

### **3.5 Nochtadh Gan Ainm**

Spreagtar sa bheartas seo gach ball den Bhord/fhoireann agus daoine eile lena n-ainm a chur le haon nochtadh. Tá sé i bhfad níos deacra údar imní a chuirtear in iúl gan ainm a fhiosrú, ach is féidir iad a mheas faoi lánrogha an phainéil dá dtagraítear i 5.3.



**3.6** Agus an rogha á fheidhmiú, cuirfear na tosca seo a leanas san áireamh:

- tromchúis na saincheisteanna a tarraingíodh,
- a inchreidte atá an t-údar imní, agus
- an dóchúlacht go ndeimhneofar an líomhain ó fhoinsí is féidir a lua leis.

**3.7 Líomhaintí Bréige**

Má thuiriscíonn ball den Bhord/fhoireann nó duine eile éagóir bhraite de mheon macánta laistigh de nochtadh, ach nach ndeimhnítear é san imscrúdú, ní dhéanfar aon bheart i gcoinne an té a rinne an líomhain. Más rud é, áfach, go ndéanann duine líomhain go fánach, de mheon mímhacánta nó chun sochair phearsanta, féadfar beart araíonachta a dhéanamh. Is cion é tuairisc a dhéanamh ina bhfuil aon fhaisnéis is eol don té a dhéanann an tuairisc a bheith bréagach.

## 4. Conas Údar Imní a Tharraingt

**4.1** Mar chéad chéim, ba cheart do bhall den Bhord/fhoireann nó duine eile údair imní a tharraingt le:-

- neas-Mhaoirseoir an duine féin nó, nuair is cuí, an Ceannaire ar réimse oibre áirithe an duine.

Má bhraitheann ball den Bhord/fhoireann nó duine eile go bhfuil an t-údar imní atá acu chomh tromchúiseach sin nó go mbaineann sé le saincheist a bhaineann leis an eagraíocht ina hiomláine nó mar mhalairt air sin, go mbaineann sé le saincheist a bhaineann lena réimse oibre féin, féadfaidh an duine a mheas go mbeadh sé níos áisiúla nó níos oiriúnaí é a tharraingt le sealbhóir aon cheann de na poist seo a leanas:

- An Rúnaí,
- Ceann Acmhainní Daonna
- Ceann an Iniúchta Inmheánaigh,
- Stiúrthóir ar bith,
- An Príomhoifigeach,
- An Cathaoirleach.

**4.2** Má mheasann an ball den Bhord/fhoireann nó duine eile gur cuí sin, féadfaidh siad dul i dteagmháil freisin le Cathaoirleach Choiste Iniúchta agus Riosca an Bhoird.

**4.3** Is fearr údair imní a tharraingt i scríbhinn. Ba chóir don bhall den Bhord/fhoireann nó duine eile féachaint le sonraí an údair imní a leagan amach, agus ainmneacha, dátaí agus áiteanna a thabhairt nuair is féidir, agus an fáth gur údar imní é. Mura mothaíonn duine muiníneach a dhóthain ar dtús chun an t-údar imní a chur i scríbhinn, féadfaidh an duine glao teileafóin a dhéanamh nó bualadh leis an oifigeach cuí.

**4.4** Cé nach bhfuiltear ag súil go gcruthóidh ball Boird/Foireann nó duine eile a ardaíonn údar imní fírinne aon líomhna laistigh den údar imní,

beidh ar an duine a léiriú don té a ndéantar teagmháil leis go bhfuil forais réasúnacha leis an údar imní.

- 4.5** Is féidir le ball den Bhord/fhoireann nó duine eile cabhair, comhairle agus treoir a fháil ó aon duine de na hoifigigh atá ainmnithe thuas maidir le húdar imní a tharraingt.
- 4.6** B'fhéidir gur mhian le ball den Bhord/fhoireann nó duine eile machnamh a dhéanamh ar an údar imní a phlé le comhghleacaí ar dtús agus b'fhéidir go mbeadh sé níos fusa an cheist a tharraingt má tá beirt (nó níos mó) ann a raibh an taithí nó an t-údar imní chéanna acu.
- 4.7** Mura mian le ball den Bhord/fhoireann nó le duine eile an t-údar imní a tharraingt go pearsanta, féadfaidh siad cuireadh a thabhairt dá gceardchumann nó dá gcumann gairmiúil an cheist a tharraingt.

## 5. Conas a Fhreagróidh an Bord Pleanála

- 5.1** Déanfar údair imní a tharraingítear a admháil i scríbhinn don té a thuairiscigh iad tráth nach déanaí ná 7 lá tar éis an tuairisc ar na húdair imní a fháil.
- 5.2** Cosnófar rúndacht aitheantas an té atá ag tuairisciú agus aon tríú páirtí a luaitear sa tuarascáil agus beidh rochtain ar an tuarascáil teoranta do phearsanra a bhfuil baint oifigiúil acu lena próiseáil i gcomhréir leis na nósanna imeachta atá leagtha amach sa Bheartas agus sna Nósanna Imeachta. Leanfar d'aitheantas an té a rinne an nochtadh a choinneáil faoi rún a mhéid is féidir le linn an phróisis, agus má mheastar gur gá é a nochtadh, rachfar i gcomhairle leis an duine ar dtús faoi.
- 5.3** Braithfidh an gníomh a dhéanfaidh an Bord Pleanála ar nádúr an údair imní. Féadfar na nithe a tharraingítear:
- a réiteach go háitiúil tríd an duine lena dtarraingítear an t-údar imní más féidir é seo a dhéanamh chun sástacht an té a tharraing an t-údar imní agus go bhfuil an duine lena dtarraingítear a t-údar imní sásta gur féidir an cheist a réiteach go sásúil ag an leibhéal seo agus más rud é nach bhfuil aon impleachtaí níos ginearálta don eagraíocht; i gcúinsí den sórt sin ba chóir go gcoimeádfadh an té ar cuireadh an t-údar imní in iúl dó taifead scríofa agus cóip de a thabhairt don Rúnaí;
  - a imscrúdú go himmheánach de réir nós imeachta atá le cinneadh i ngach cás ag na sealbhóirí oifige i bpost an Chathaoirligh, an Phríomhoifigigh agus an Stiúrtóra Gnóthaí Corparáideacha agus an duine ar tuairiscíodh an t-údar imní dó. I gcás ina ndéanfar tagairt d'aon duine de na sealbhóirí oifige seo nó go bhféadfadh baint a bheith aige leis an ábhar is údar imní, déanfaidh an Cathaoirleach nó an Príomh-Oifigeach daoine eile sna poist dá dtagraítear i 4.1 a ainmniú chun painéal a bhunú chun cineál an imscrúdaithe a chinneadh;
  - a bheith ina ábhar le fiosrúchán neamhspleách (a dhéanfaidh sainchomhairleoirí seachtracha);
  - a tharchur chuig an nGarda Síochána.

Is é an painéal dá dtagraítear sa dara phointe urchair a dhéanfaidh an cinneadh maidir le cé acu de na 3 rogha dheireanacha atá le roghnú

(faoi réir athbheithnithe comhchosúla más gá). Glactar leis go bhféadfaí níos mó ná ceann amháin de na roghanna thuas a chur i ngníomh nó a chomhlánú i bhfianaise nochtadh.

- 5.4** Chun daoine aonair agus dea-chlú an Bhoird Pleanála a chosaint, déanfar fiosrúcháin tosaigh go himmheánach chun a chinneadh an bhfuil údar le himscrúdú agus, má tá, cén fhoirm inar cheart é a dhéanamh. Is é an duine dá dtuairiscítear an t-údar inní dó a dhéanfaidh na fiosrúcháin tosaigh. Tuairisceoidh an duine sin i dtosach don Phríomhoifigeach, don Stiúrthóir Gnóthaí Corparáideacha nó don Chathaoirleach a thionscnóidh aon imscrúdú is gá dá dtagraítear i 5.3 mura féidir teacht ar réiteach i gcomhréir leis an gcéad phointe urchair i 5.3.
- 5.5** I gcás ina n-eagrófar aon chruinniú maidir le nochtadh cosanta idir an t-oifigeach nó na hoifigigh atá ag breithniú/imscrúdú an nochtadh sin agus an duine a rinne an nochtadh nó duine a luaitear i nochtadh den sórt sin is féidir le baill den Bhord/fhoireann lena mbaineann (faoi réir aird chúil d'aon cheanglais rúndachta riachtanacha a bhaineann le faisnéis inmheánach) ionadaí Ceardchumann nó comhlachas gairmiúil nó comhghleacaí oibre a bheith in éineacht leis.
- 5.6** Glacfar céimeanna chun aon deacrachtaí a bhraitheann duine ar bith a tharraingeodh údar inní a d'fhéadfadh a bheith acu a mhaolú. Mar shampla, má bhíonn ar dhuine fianaise a thabhairt in imeachtaí coiriúla nó araíonachta, cuirfear an gnás seo in iúl dó/di.
- 5.7** Glacann an Bord Pleanála leis go gcaithfidh daoine a tharraing údar inní den chineál atá i gceist a bheith cinnte gur réitíodh an t-údar inní go cuí. Sa chomhthéacs seo cuirfear an toradh substainteach ar tharraingt an údair inní seo agus ar aon imscrúdaithe ar an údar inní in iúl don té a tharraing é, lena n-áirítear ainm(neacha) an duine nó na ndaoine a rinne aon imscrúdú den sórt sin. Geallann an Bord Pleanála an té a rinne an nochtadh cosanta a choinneáil ar an eolas faoi dhul chun cinn an ábhair ar bhonn leanúnach sula bhfaightear toradh substainteach an chéanna. De ghnáth, is é/í an duine /na daoine dá ndearnadh an tuairisciú tosaigh a chuirfidh aiseolas leanúnach ar an bpróiseas inmheánach ar fáil don duine a thuairiscigh, agus tráth nach faide ná 3 mhí ón dáta a admhaítear an t-údar inní. Braithfidh an méid teagmhála a bheidh idir na hoifigigh a bheidh ag breithniú na saincheisteanna agus an té a tharraing an tsaincheist ar nádúr na n-údar inní a tharraingítear, na deacrachtaí a d'fhéadfadh a bheith i gceist le himscrúdú a dhéanamh agus soiléire na faisnéise a cuireadh ar fáil. Más gá, lorgófar tuilleadh faisnéise ó aon duine a

bhféadfadh faisnéis ábhartha a bheith aige nó ón duine a thuairiscigh an t-údar inní. Ar aon chuma, i gcás ina n-iarrann an té a thuairiscigh é i scríbhinn, cuirfear aiseolas breise ar fáil i gceann tréimhsí nach lú ná 3 mhí go dtí go gcuirfear deireadh leis an ábhar.

- 5.8** Tá na gealltanais thuas, áfach, faoi réir aon cheanglais rúndachta riachtanacha a d'fhéadfadh teacht chun cinn maidir le faisnéis a thugtar/a fhaightear le linn imscrúdú.
- 5.9** Maidir le hábhar a tarraingíodh a bhaineann le nó ina n-ainmnítear ball eile den Bhord/fhoireann nó duine eile i gcomhthéacs nochtadh cosanta, glacann an Bord Pleanála leis go mbeidh feidhm ag prionsabail an cheartais aiceanta sula dtabharfar aon imscrúdú ar na húdair inní a tarraingíodh chun críche. Áireofar le cur i bhfeidhm na bprionsabal seo, ach ní gá go mbeidh sé teoranta dóibh, an ceart a thabhairt do dhuine ainmnithe den sórt sin aon éileamh a d'fhéadfaí a dhéanamh maidir lena rannpháirtíocht/iompar san ábhar a tarraingíodh agus aon fhianaise a fuarthas le linn aon imscrúdaithe ar an gcéanna a fheiceáil agus a bhreithniú agus an deis a thabhairt don duine ainmnithe freagairt iomlán a thabhairt ar an gcéanna sula dtabharfar aon imscrúdú den sórt sin chun críche. Féadfar aitheantas an té atá ag déanamh an tuairiscithe nochtaithe a choinneáil siar fós laistigh den phróiseas seo.
- 5.10** Má tharraingítear ábhar faoin nós imeachta seo, cuirfidh an té lena dtarraingítear é in iúl, gan mhoill, comhairle ar an gCathaoirleach agus ar an bPríomh-Oifigeach más rud é go bhféadfadh iarmhairt thromchúiseach a bheith ag an údar inní don eagraíocht agus nach mbaineann sé le ceachtar den bheirt atá sna poist sin.

## 6. Cainéil Sheachtracha chun Nochtadh Cosanta a Dhéanamh

- 6.1** Tá an polasaí seo dírithe go príomha ar chainéil inmheánacha chun bealach a sholáthar do bhaill an Bhord/na foirne agus do dhaoine eile chun údar imní a tharraingt laistigh den eagraíocht. Tá súil ag an mBord Pleanála go mbeidh daoine a tharraingíonn nithe ábhartha sásta le haon imscrúdú a dhéanfaidh an eagraíocht nó a dhéanfar thar ceann na heagraíochta. Mar sin féin, cé go moltar agus go bhforáiltear sa chreat seo agus sa reachtaíocht gur chóir Nochtadh Cosanta a dhéanamh de ghnáth, ar an gcéad dul síos, do **phearsanra inmheánach ainmnithe**, foráiltear sa reachtaíocht gur féidir nochtadh a dhéanamh freisin de rogha air sin, ar an gcéad dul síos, nó ina dhiaidh sin (faoi réir do choinníollacha áirithe) do chainéil sheachtracha ainmnithe.
- 6.2** Forordaíonn an tOrdú fán Acht um Nochtadh Cosanta 2014 (Nochtadh do Dhaoine Forordaithe) 2020 an Rialtóir Pleanála in Oifig an Rialtóra Pleanála mar an duine forordaithe a ghlacfaidh le nochtadh maidir le héagóracha ábhartha a chuimsítear laistigh de gach ábhar a bhaineann le feidhmeanna na hoifige sin (an córas pleanála, go héifeachtach).
- 6.3** Cruthaítear le hAcht 2022 **Oifig nua an Choimisinéara um Nochtadh Cosanta** (ról atá leithdháilte faoi láthair ar an Ombudsman reatha). Nuair a fhaigheann sí nochtadh cosanta, ceanglaítear ar an Oifig seo é a tharchur chuig an **gcomhlacht forordaithe** chuí lena imscrúdú – ní dhéanfaidh sí féin imscrúdú ach amháin in éagmais aon duine forordaithe chuí.

**6.4** Foráiltear san Acht do chainéal seachtrach bhreise freisin chuig **Aire** (nó **Aire Stáit**) i gcás go bhfuil nó go raibh duine atá ag tuairisciú ina fhostaí de chuid comhlachta Stáit agus tar éis nochtadh cosanta a dhéanamh go himheánach agus chuig aon chomhlacht forordaithe seachtrach ach gan aiseolas a bheith faighte aige ó na foinsí sin go gcreideann sé:

(i) nár leor aon aiseolas agus obair leantach,

nó

(ii) go bhfuil ceann an chomhlachta phoiblí lena mbaineann páirteach san éagóir ábhartha lena mbaineann,

nó

(iii) go bhféadfaidh an éagóir líomhnaithe a bheith ina garbhaol nó ina bhaol follasach do leas an phobail.

Is é an tAire Stáit don Phleanáil sa Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht an tAire ábhartha ar a bhfuil cúram as an mBord Pleanála.

**6.5** Tá na tairseacha chun tuairiscí nochtaithe faoi chosaint a dhéanamh do chainéil tuairiscithe seachtracha níos airde ná iad siúd chun tuairiscí a dhéanamh go himheánach. Tá achoimre thíos ar na tairseacha agus na ceanglais éagsúla de réir na reachtaíochta:

**Cainéal Inmheánach:**

Tá ábhar tagtha chun suntais i gcomhthéacs oibre agus creidtear le réasún go léiríonn an fhaisnéis éagóir ábhartha.

Is féidir é a dhéanamh i scríbhinn nó ó bhéal nó sa dá cheann.



**Comhlacht Seachtrach Forordaithe (OPR):**

Tá ábhar tagtha chun suntais i gcomhthéacs oibre agus creidtear le réasún go léiríonn an fhaisnéis éagóir ábhartha.

Tá tuairim réasúnach ann go bhfuil an fhaisnéis agus aon líomhaintí **fíor ó thaobh substainte.**

Tá creidiúint réasúnach ann go mbaineann an éagóir ábhartha líomhnaithe le hábhar a bhfuil an OPR forordaithe ina leith .i. gach ní a bhaineann le feidhmeanna an OPR.

**Caithfear** é a dhéanamh i scríbhinn agus ó bhéal.

**An Coimisinéir um Nochtadh Seachtrach Cosanta:**

Tá ábhar tagtha chun suntais i gcomhthéacs oibre agus creidtear le réasún go léiríonn an fhaisnéis éagóir ábhartha.

Tá tuairim réasúnach ann go bhfuil an fhaisnéis agus aon líomhaintí **fíor ó thaobh substainte.**

**Caithfear** é a dhéanamh i scríbhinn agus ó bhéal.

**An tAire Stáit don Phleanáil sa Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht.**

Tá ábhar tagtha chun suntais i gcomhthéacs oibre agus creidtear le réasún go léiríonn an fhaisnéis éagóir ábhartha.

Tá tuairim réasúnach ann go bhfuil an fhaisnéis agus aon líomhaintí **fíor ó thaobh substainte.**

**Comhlíonann sé, ar a laghad, ceann de na coinníollacha seo a leanas:**

- Tá tuairisc nochtá déanta go himmheánach agus/nó go seachtrach ach creideann an té a rinne n tuairisciú le réasún nach ndearnadh aon ghníomh nó nach bhfuil dóthain beart leantach déanta.
- Creideann an duine atá ag déanamh na tuarascála le réasún go bhfuil Ceann an chomhlachta phoiblí lena mbaineann páirteach san éagóir.

- Creideann an duine atá ag déanamh na tuairisce le réasún go bhféadfadh an éagóir a bheith ina gharbhaol nó ina bhaol follasach do leas an phobail.

Is faoi lánrogha an Aire an modh déanta (i scríbhinn/ó bhéal).

## 7. Athbhreithniú ar Chinntí

**7.1** Féadfaidh na cinntí seo a leanas, ar iarratas ón duine a dhéanann nochtadh cosanta nó ó dhuine atá ainmnithe i nochtadh den sórt sin, a bheith faoi réir athbhreithnithe:

- (i) Aon chinneadh a dhéanfar chun aitheantas an nochtóra a nochtadh;
- (ii) Toradh aon mheasúnaithe/imscrúdaithe inmheánaigh a rinneadh maidir leis an nochtadh cosanta; agus
- (iii) Tá toradh aon mheasúnaithe/imscrúdaithe inmheánaigh maidir le haon ghearán faoi phionósú faoi réir an Nós Imeachta Inmheánach Gearáin agus Araíonachta atá i bhfeidhm.

Daoine nach raibh baint acu leis an nochtadh tosaigh ná leis an measúnú, leis an imscrúdú ná leis an gcinneadh ar an nochtadh a dhéanfaidh aon athbhreithniú nó a bheidh mar bhaill d'aon phainéal athbhreithnithe. Faoi réir na bhforálacha thuasluaite, is é an t-oifigeach/an ball is sinsearaí den Bhord sa phainéal a liostaítear i mír 4.1 a cheapfaidh painéal athbhreithnithe ar a mbeidh triúr ar a laghad a roghnóidh an duine sin as na baill den phainéal sin nó as baill eile den Choiste Bainistíochta atá ar fáil.

Déanfar aon iarraidh ar athbhreithniú laistigh de 7 lá tar éis an cinneadh i dtrácht a bheith fógartha do na daoine ábhartha. Críochnófar an t-athbhreithniú a luaithe is féidir.


## 8. Nithe Ginearálta Eile

- 8.1** Níor cheart do dhaoine a bhfuil inní orthu iarracht a dhéanamh a n-imscrúdú féin a dhéanamh chun cruthúnas a fháil ar a n-amhras agus níor cheart go nglacfadh duine a bhfuil nochtadh cosanta déanta aici/aige freagracht phearsanta a ghabháil uirthi/air féin as cultúr trédhearcachta a chur chun cinn laistigh den eagraíocht. I gcás ina ndearna oibreoir tuairisc, cibé acu an ndearnadh measúnú nó imscrúdú air sin nó nach ndearnadh, ceanglaítear ar an oibrí fós iad féin a iompar go gairmiúil agus leanúint dá gcuid dualgas a chomhlíonadh mar is gnách.
- 8.2** Ní féidir nochtadh cosanta a tharraingt siar tar éis é a dhéanamh.
- 8.3** Coinneofar seoladh ríomhphoist tiomnaithe [protecteddisclosure@pleanala.ie](mailto:protecteddisclosure@pleanala.ie) freisin agus beidh sé ar cheann de chúraimí an Rúnaí de ghnáth.
- 8.4** Déanfar líon na nochtaí cosanta a dhéanfar in aon bhliain ar leith a nochtadh don Bhord agus do Chathaoirleach an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca agus tuairisceofar iad sa tuarascáil bhliantúil agus ar shuíomh Gréasáin an Bhoird.
- 8.5** Tá sreabhchairt ina leagtar amach na bealaí éagsúla chun nochtadh a dhéanamh faoi iamh mar Aguisín 1 leis an mBeartas agus Nósanna Imeachta.

## 9. Na hOifigigh Fhreagracha

- 9.1** Tá freagracht iomlán ar an Stiúrthóir Gnóthaí Corparáideacha agus ar an Rúnaí as cothabháil agus feidhmiú an bheartais/chóid seo. Coinneoidh an Rúnaí taifead ar na húdair inní a tarraingíodh agus ar na torthaí ach beidh sé i bhfoirm nach gcuirfidh rúndacht i mbaol. Tuairisceoidh an pearsanra seo do Bhord an Bhoird Pleanála de réir mar is gá ar oibriú an bheartais agus na nósanna imeachta.
- 9.2** Tá freagracht fhoriomlán rialachais ar Chathaoirleach an Bhoird Pleanála as a chinntiú go bhfuil an polasaí seo i bhfeidhm agus go bhfuil sé ag oibriú go héifeachtach.

## Aguisín 1: Imlíne ar an bPróiseas um Nochtadh Cosanta sa





An  
Bord  
Pleanála

## An Bord Pleanála

64 Sráid Mhaoilbhríde, BÁC 1, D01 V902

fón: +353 1 858 8100

ríomhphost: [bord@pleanala.ie](mailto:bord@pleanala.ie)

láithreán gréasáin: [www.pleanala.ie](http://www.pleanala.ie)